C/2024/7385

6.12.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/7385)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1].

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'Pla de Bages'

PDO-ES-A1557-AM07

Dáta na teachtaireachta: 13.9.2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. ATHRUITHE AR THUAIRISC NA bhFÍONTA GEALA

Tuairisc:

— Baineadh neart alcóil iarbhír uasta an fhíona ghil agus cuireadh an neart alcóil iomlán íosta isteach.

— Cuireadh cineál nua fíona ghil ar a dtugtar 'Brisado' (fíon oráiste) isteach.

Leasaíodh pointe 2.A den tsonraíocht táirge agus ní dhéanann an chéad athrú difear don doiciméad aonair. Déanann an cineál 'Brisa' [*sic*] difear do phointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24.3 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis:

Scriosadh an neart alcóil iarbhír uasta, toisc go bhfuil reachtaíocht ar chéim níos airde ann cheana lena n-áirithítear teorainneacha uasta, agus simplíodh an tsonraíocht agus rinneadh níos éasca í a thuiscint. Chomh maith leis sin, cuireadh an t-iomlán isteach chun an táirge a thréithriú níos fearr.

Cuireadh an cineál 'Brisado' (fíon oráiste) isteach, toisc go bhfuil a mhodh táirgthe nasctha le stair an cheantair, agus go bhfuil sé difreáilte go leordhóthanach i dtéarmaí an mhodha táirgthe agus tréithe orgánaileipteacha.

2. ATHRUITHE AR THUAIRISC NA bhFÍONTA ROSÉ

Tuairisc:

— Laghdaíodh neart alcóil iarbhír roinnt fíonta rosé ó 12.5 % de réir toirte go 11.5 % de réir toirte, rud a chomhchuibhíonn an teorainn le haghaidh na bhfíonta rosé uile.

— Tá an neart iomlán íosta curtha isteach.

— Scriosadh an mhír maidir le neart alcóil le haghaidh fíon a dhéantar as cumasc.

Déanann an leasú sin difear do phointe 2.A den tsonraíocht táirge agus do phointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24.3 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

[1] IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Cúis:

Laghdaíodh neart alcóil an fhíona rosé, toisc gur cuireadh cineálacha stairiúla a bhfuil neart alcóil níos ísle acu leis an tsonraíocht táirge le déanaí. An tráth céanna, is gá cothromaíocht aigéadachta agus úire a áirithiú, rud a chiallaíonn nach mór na fíonchaora a bhuain níos luaithe. Tugtar tuairisc níos fearr ar an táirge leis an tagairt don neart alcóil iomlán íosta. Scriosadh an tagairt do chumasc, ós rud é nach bhfuil gá leis.

3. ATHRUITHE AR THUAIRISC NA bhFÍONTA DEARGA

Tuairisc:

— Tá an neart iomlán íosta curtha isteach.

— Cuireadh mír isteach maidir leis an neart alcóil iarbhír a eascraíonn as sin nuair a dhéantar as cumasc é.

Leasaíodh pointe 2.A den tsonraíocht táirge agus ní dhéanann an tsaincheist maidir le cumasc difear don doiciméad aonair. Déanann an chuid eile de na hathruithe difear do phointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24.3 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis:

Tugtar tuairisc níos fearr ar an táirge leis an tagairt don neart alcóil iomlán íosta.

Mar gheall ar mhinicíocht mhéadaitheach na gcumasc a dhéantar as cineálacha a bhfuil neart alcóil níos ísle acu, beidh neart alcóil níos ísle ag na cumaisc sin freisin.

4. ATHRUITHE EILE AR FHÍONTA CHATAGÓIR 1 (FÍONTA GEALA, FÍONTA ROSÉ AGUS FÍONTA DEARGA)

Tuairisc:

— Cuireadh cineál nua fíona isteach ar a dtugtar ‘Fermentado en Rapa’ (coipthe leis an ngas) le haghaidh chatagóir 1.

— Cuireadh cineál nua fíona isteach ar a dtugtar ‘Naturalmente Dulce’ (milis go nádúrtha) le haghaidh chatagóir 1.

— Bogadh na teorainneacha le haghaidh aigéadacht luaineach, aigéadacht iomlán agus dé-ocsaíd sulfair ó dheireadh phointe 2 go deireadh phointe 2.A.

Déanann an leasú sin difear do phointe 2.A den tsonraíocht táirge agus do phointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24.3 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis:

Déantar na fíonta sin trí úsáid a bhaint as modhanna atá nasctha le stair an cheantair a tháirgeann fíonta geala, dearga agus rosé ag a bhfuil sonraíochtaí atá difreáilte go leordhóthanach i dtéarmaí táirgthe agus tréithe orgánaileipteacha.

Leis na teorainneacha anailíseacha nua a tugadh isteach, cuirtear feabhas ar fhoclaíocht na sonraíochta táirge agus déantar níos soiléire í.

5. ATHRUITHE AR THUAIRISC NA bhFÍONTA LEATHSHÚILÍNEACHA

Tuairisc:

— Athraíodh an neart alcóil iarbhír íosta ó 10 go 10.5 % de réir toirte.

— Baineadh an t-eastóscán tirim, an luaith agus PH.

— Athraíodh an aigéadacht luaineach ó 0.8 go 0.6 g/l.

Leasaíodh pointe 2.B den tsonraíocht táirge. Is í an aigéadacht luaineach an t-aon ghné den athrú a dhéanann difear don doiciméad aonair, rud a dhéanann difear do phointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24.3 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis:

Ailíníodh an teorainn le haghaidh an nirt iarbhír leis an teorainn le haghaidh fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán. Bhaineamar tuairisceoirí eile chun go mbeadh an tsonraíocht níos éasca a thuiscint agus chun na luachanna a ailíniú leis na cineálacha fíona eile. Saincheist cháilíochta is ea an teorainn aigéadachta luainí a laghdú.

6. ATHRUITHE AR AN TUAIRISC AR NA FÍONTA SÚILÍNEACHA AR ARDCHAIGHDEÁN

Tuairisc:

— Liostaítear na cineálacha tipiciúla sa limistéar mar chineálacha a mholtar.

— Cuireadh isteach an teorainn leis an neart alcóil iomlán.

— Méadaíodh an fad ama ó tirage go dímhoirtiú ó 12 mhí go 15 mhí i gcás an mhodha thraidisiúnta.

— Baineadh na teorainneacha don eastóscán tirim, don luaith agus don PH.

— Ionchorpraíodh an modh táirgthe seanbhunaithe, lena leagtar síos tréimhse 9 mí ó tirage go dímhoirtiú.

Baineann an leasú sin le Roinn 2.C den tsonraíocht. Ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24.3 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis:

Is é is aidhm dó na cineálacha a mholtar a athdhearbhú.

Cuireadh teorainn an nirt alcóil iomláin isteach chun tréithriú níos fearr a dhéanamh ar an táirge. Baineadh cinn eile chun an tsonraíocht a dhéanamh níos éasca a thuiscint agus chun na luachanna a ailíniú leis na cineálacha fíona eile.

Sa mhodh traidisiúnta, cuireann aosú níos faide feabhas ar cháilíocht trí fheabhas a chur ar an mbraistint orgánaileipteach sa bhéal. Os a choinne sin, sa mhodh seanbhunaithe, úsáidtear aosú níos giorra chun próifíl mhear, úr agus óg an fhíona a chaomhnú, fíon a bhfuil aigéadacht níos suntasaí aige. An modh sin atá nasctha le stair an cheantair - le sonraíochtaí atá difreáilte go leordhóthanach i dtéarmaí táirgthe agus tréithe orgánaileipteacha - athshaothraíodh don lá atá inniu ann é.

7. ATHRUITHE AR THUAIRISC NA bhFÍONTA LICÉIR

Tuairisc:

— I bhfíonta ‘rancio’, féadfaidh an tréimhse aosaithe íosta 1 bhliain amháin a bheith i gcoimeádáin a dhéantar as aon chineál adhmaid, ní hamháin dair.

— Cuireadh isteach an teorainn leis an neart alcóil iomlán le haghaidh fíonta ‘rancio’, ‘mistelas’ agus fíonta atá milis go nádúrtha.

Baineann an leasú sin le Roinn 2.D den tsonraíocht. Ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24.3 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis:

Leathnaíodh na cineálacha adhmad a fhéadfar a úsáid chun fíonta 'rancio' a aosú chun gur féidir úsáid a bhaint as adhmaid a úsáidtear go traidisiúnta don chineál sin fíona, amhail castán agus silíní, i measc cineálacha eile.

Cuireadh teorainn an nirt alcóil iomláin isteach chun tréithriú níos fearr a dhéanamh ar an táirge.

8. CUIREADH TUAIRISCEOIR AN MHÉID SIÚCRA I gCRÍCH

Tuairisc:

Cuireadh tuairisceoir an mhéid siúcra isteach le haghaidh na gcineálacha táirgí uile, cé is moite d'fhíonta súilíneacha ar ardchaighdeán ós rud é gur chuimsigh siad é sin sa tsonraíocht cheana féin.

Baineann an leasú sin le pointe 2 den tsonraíocht agus ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24.3 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis:

Cuireann sé sin feabhas ar shaintréithriú an táirge.

9. CUIREADH FEABHAS AR AN TUAIRISC ORGÁNAILEIPTEACH

Tuairisc:

— Scriosadh na focail 'cuma ghlan gan mhoirtiúlacht' le haghaidh fíonta geala, dearga agus rosé.

— Cuireadh dea-bholaithe forbartha agus aosaithe isteach chun fíonta saor ó adhmad a fhorbairt.

— Cuireadh tuairiscí orgánaileipteacha isteach le haghaidh na bhfíonta oráiste 'brisado' agus an fhíon 'fermentado con rapa' a choiptear leis an ngas.

Déanann an leasú seo difear do phointe 2.1 den tsonraíocht táirge agus do phointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24.3 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis:

Ceadaítear moirtiúlacht chomh fada agus a léirítear í ar an lipéad. Cuireadh feabhas ar na tuairiscí agus tugadh isteach na cinn is gá le haghaidh na gcineálacha nua fíona.

10. ATHRUITHE AR AN TÉARMA LIPÉADAITHE 'FÍON NUA'

Tuairisc:

Cuireadh isteach tagairt don reachtaíocht réigiúnach lena sainmhínítear 'fíon nua'.

Baineann an leasú sin le roinn 2.2 den tsonraíocht táirge agus ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24.3 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis:

Cuireadh isteach tagairt dhlíthiúil a thacaíonn leis an téarma lipéadaithe.

11. CUIREADH FEABHAS AR FHOCLAÍOCHT AN PHOINTE MAIDIR LE CLEACHTAIS SHONRACHA

Tuairisc:

Cuireadh foclaíocht úr ar roinn na buainte chun a shoiléiriú gur cheart go dtagródh na teorainneacha ar an neart alcóil nádúrtha do chineálacha seachas d'fhíonta.

Scriosadh an abairt seo a leanas ón roinn maidir le modhanna táirgthe: 'Ní mór cleachtais thraidisiúnta a leanúint nuair a thairgtear úrfhíon agus úsáid á baint as teicneolaíocht atá dírithe ar cháilíocht na bhfíonta a bharrfheabhsú'.

Leis an gcéad cheann leasaítear pointí 3.2 agus 5.1 den doiciméad aonair. Leis an dara ceann leasaítear roinn 3.3 den tsonraíocht táirge agus ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24.3 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis:

Ar an gcéad dul síos, ceartaíonn sé sin an tagairt earráideach d'fhíonta ar cheart di tagairt a dhéanamh d'fhíonchaora. Ar an dara dul síos, déanann sé an téacs a shimpliú, trí mhíniú atá sa téacs cheana féin a bhaint.

12. ATHRUITHE AR CHINEÁLACHA

Tuairisc:

Athraíodh an cineál 'Picapoll negro' ó 'údaraithe' go 'molta', agus athraíodh an cineál 'Ull the Llebre' ó 'molta' go 'údaraithe'. Liostaíodh iad freisin bunaithe ar an achar dromchla a chumhdaítear leis an ATFC.

Baineann an leasú seo le roinn 6 den tsonraíocht táirge agus ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24.3 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis:

Tagraíonn na cineálacha molta do chineálacha stairiúla atá nasctha leis an limistéar. Meastar gur cineálacha údaraithe iad an chuid eile. Rinneadh na cineálacha a athaicmiú bunaithe ar an gcritéar sin.

Tá siad liostaithe in ord méide saothraithe.

13. FEABHSUITHE AR NA RIALACHA LIPÉADAITHE

Tuairisc:

— Athraíodh airde an téacs 'Pla de Bages' ó 4 mm ar a mhéad go 3 mm ar a laghad.

— Cuireadh an marc cáilíochta isteach, mar aon leis na liostaí in ord méide agus samhlacha a formheasadh le haghaidh ATFC 'Pla de Bages'. Baineadh an tagairt don lógó.

— Cuireadh isteach an oibleagáid ainm an Bhallstáit a shonrú tar éis ainm bhardas an bhuidéalaí.

— Cuireadh isteach na téarmaí 'Brisado', 'fíon oráiste', 'fermentado con rapa' (coipthe leis an ngas) agus 'no filtrado' (neamhscagtha).

Baineann an leasú seo le pointe 8.3 den tsonraíocht táirge agus le pointe 9 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24.3 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis:

Ráthaítear leis an athrú ar mhéid ainm ATFC go mbeidh infheictheacht íosta ag an ainm sin. Rinneadh athruithe ar an lipéad cáilíochta, agus sonraíodh an oibleagáid (reachtúil cheana féin) an tír thionscnaimh a chur in iúl. Ar deireadh, cuireadh isteach téarmaí a bhaineann leis na cineálacha nua fíona a tugadh isteach.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Pla de Bages

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí an táirge fíniúna**

1. Fíon

3. Fíon licéir

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

8. Fíon leathshúilíneach

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Fíonta geala*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

GEAL: Idir dath buí éadrom agus dorcha (órga) air. Tá dea-bholaithe torthaíocha air. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh dea-bholaithe adhmaid agus/nó aosaithe a bhaineann leis an bpróiseas aibithe a bheith orthu. Is iondúil go mbíonn siad éadrom.

BRISADO (FÍON ORÁISTE): Toin idir buí agus oráiste. Dea-bholaithe torthaíocha nó bláthacha, d'fhéadfadh bolaithe plandúla nó féarúla a bheith orthu. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh dea-bholaithe adhmaid agus/nó aosaithe a bhaineann leis an bpróiseas aibithe a bheith orthu. D'fhéadfadh blasanna beagán searbh nó tainneach a bheith orthu freisin.

FERMENTADO EN RAPA (coipthe leis an ngas): Dea-bholaithe torthaíocha nó bláthacha, d'fhéadfadh bolaithe plandúla nó féarúla a bheith orthu. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh dea-bholaithe adhmaid agus/nó aosaithe a bhaineann leis an bpróiseas aibithe a bheith orthu. D'fhéadfadh blasanna beagán searbh nó tainneach a bheith orthu freisin.

* Ní mór neart alcóil iarbhír 13 % de réir toirte ar a laghad a bheith ag fíonta atá milis go nádúrtha.

* Fíonta a aosaítear ar feadh níos mó ná bliain amháin agus fíonta a tháirgtear i mbairillí adhmaid laistigh den bhliain chéanna, cibé acu trí choipeadh agus/nó trí aosú, ní mór aigéadacht luaineach uasta 0,9 g/l (15 meq/l) a bheith acu.

* I gcás teorainneacha nach bhfuil sonraithe, ní mór an reachtaíocht atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 11,67

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 180

2. *Fíonta rosé*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath dearg idir bándearg éadrom agus/nó craiceann oinniúin agus caordhearg. Tá dea-bholaithe torthaíocha air. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh dea-bholaithe adhmaid agus/nó aosaithe a bhaineann leis an bpróiseas aibithe a bheith orthu. Is iondúil go mbíonn siad éadrom.

FERMENTADO EN RAPA (coipthe leis an ngas): Dea-bholaithe torthaíocha nó bláthacha, d'fhéadfadh bolaithe plandúla nó féarúla a bheith orthu. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh dea-bholaithe adhmaid agus/nó aosaithe a bhaineann leis an bpróiseas aibithe a bheith orthu. D'fhéadfadh blasanna beagán searbh nó tainneach a bheith orthu freisin.

* Ní mór neart alcóil iarbhír 13 % de réir toirte ar a laghad a bheith ag fíonta atá milis go nádúrtha.

* Fíonta a aosaítear ar feadh níos mó ná bliain amháin agus fíonta a tháirgtear i mbairillí adhmaid laistigh den bhliain chéanna, cibé acu trí choipeadh agus/nó trí aosú, ní mór aigéadacht luaineach uasta 0,9 g/l (15 meq/l) a bheith acu.

* I gcás teorainneacha nach bhfuil sonraithe, ní mór an reachtaíocht atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 11,67

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 180

3. *Fíon dearg*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath dearg le fordhathanna athraitheacha idir corcairghorm agus ócar ag brath ar na próisis táirgthe agus aosaithe. Tá dea-bholaithe torthaíocha air. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh dea-bholaithe adhmaid agus/nó aosaithe a bhaineann leis an bpróiseas aibithe a bheith orthu. Athraitheach ag brath ar na próisis táirgthe agus aosaithe. Idir éadrom agus úr agus níos struchtúrtha agus comhdhlúite.

FERMENTADO EN RAPA (coipthe leis an ngas): Dea-bholaithe torthaíocha nó bláthacha, d'fhéadfadh bolaithe plandúla nó féarúla a bheith orthu. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh dea-bholaithe adhmaid agus/nó aosaithe a bhaineann leis an bpróiseas aibithe a bheith orthu. D'fhéadfadh blasanna beagán searbh nó tainneach a bheith orthu freisin.

* Is é 11,5 % de réir toirte an neart alcóil iarbhír íosta i gcás fíonta a dhéantar as fíonchaora Sumoll, Ull de Llebre, Picapoll Negro agus Garró/Mandó, agus as na fíonchaora sin amháin.

* Ní mór neart alcóil iarbhír 13 % de réir toirte ar a laghad a bheith ag fíonta atá milis go nádúrtha.

* Fíonta a aosaítear ar feadh níos mó ná bliain amháin agus fíonta a tháirgtear i mbairillí adhmaid laistigh den bhliain chéanna, cibé acu trí choipeadh agus/nó trí aosú, ní mór aigéadacht luaineach uasta 1,1 g/l (18,33 meq/l) a bheith acu.

* I gcás teorainneacha nach bhfuil sonraithe, ní mór an reachtaíocht atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 12,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 150

4. *Fíon leathshúilíneach*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Mar a thuairiscítear thuas, i gcomhréir leis an dath ábhartha. Tá boilgeoga ann. Tá dea-bholaithe torthaíocha air. I gcásanna áirithe féadfaidh dea-bholaithe a bheith air de bharr aosaithe. Fíonta úra mar thoradh ar láithreacht dé-ocsaíde carbóin, lena méadaítear freisin mothú struchtúrtha agus iomláine sa bhéal.

* I gcás teorainneacha nach bhfuil sonraithe, ní mór an reachtaíocht atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 10

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 200

5. *Fíon súilíneach ar ardchaighdeán*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Mar a thuairiscítear thuas, i gcomhréir leis an dath ábhartha. Tá boilgeoga ann. Tá dea-bholaithe torthaíocha air. I gcásanna áirithe féadfaidh dea-bholaithe a bheith air de bharr aosaithe. Fíonta úra mar thoradh ar láithreacht dé-ocsaíde carbóin, lena méadaítear freisin mothú struchtúrtha agus iomláine sa bhéal.

* I gcás teorainneacha nach bhfuil sonraithe, ní mór an reachtaíocht atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 185

6. *Fíonta licéir*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Buí, ómra, órga, dearg, rósta. Láithreacht dea-bholaithe torthaí úra nó torthaí aibí de réir na bpróiseas táirgthe/aosaithe. Olartha agus marthanach.

* I gcás teorainneacha nach bhfuil sonraithe, ní mór an reachtaíocht atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 15

— Aigéadacht iomlán íosta: i ngraim in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

Cleachtas saothraithe

Ní mór cleachtais saothraithe thraidisiúnta a úsáid chun na cáilíochtaí is fearr a bhaint amach. Leis na cleachtais físonsaothraithe uile, ní mór an timpeallacht agus cothromaíocht fhiseolaíoch na bhfíniúnacha a urramú. Ní mór saineolas agranamaíoch a úsáid chun fíonchaora a fháil sa riocht is fearr is féidir le haghaidh na físonóireachta.

Ní mór an fhíniúin a threorú i gcomhréir le cleachtais agus modhanna físonsaothraithe a bhfuil glacadh ginearálta leo.

Na fíonchaora a bhaintear, ní mór iad a iompar chomh tapa is féidir agus leas á bhaint as modhanna lena n-áirithítear go gcoimeádtar cáilíocht na bhfíonchaor.

Srian a bhaineann le físonóireacht

Ní mór na fíonchaora a bhaint go han-chúramach. Ní fhéadfar físonta a chumhdaítear le ATFC a dhéanamh ach as fíonchaora sláintiúla atá aibí go leordhóthanach chun físonta a tháirgeadh ag a bhfuil neart alcóil nádúrtha 9,5 % de réir toirte ar a laghad le haghaidh cineálacha geala agus 11 % de réir toirte le haghaidh cineálacha dearga. Ní mór neart alcóil nádúrtha íosta 9,5 % de réir toirte ar a laghad a bheith i bhfíonta leathshúilíneacha nó i bhfíonta súilíneacha ar ardchaighdeán a dhéantar trí úsáid a bhaint as na fíonchaora.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Cineálacha geala

   10 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

2. Cineálacha geala

   70 heictilítear in aghaidh an heicteáir

3. Cineálacha dearga

   9 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

4. Cineálacha dearga

   63 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Físonta a bhfuil ATFC 'Pla de Bages' orthu, táirgtear iad sna bardais a leanas: Aguilar de Segarra, Artés, Avinyó, Balsareny, Calders, Callús, Cardona, Castellbell i el Vilar, Castellfollit del Boix, Castellgalí, Castellnou de Bages, El Pont de Vilomara i Rocafort, L'Estany, Fonollosa, Gaià, Manresa, Marganell, Moià, Monistrol de Calders, Monistrol de Montserrat, Mura, Navarcles, Navàs, Rajadell, Sallent, Sant Feliu Sasserra, Sant Fruitós de Bages, Sant Joan de Vilatorrada, Sant Mateu de Bages, Sant Salvador de Guardiola, Sant Vicenç de Castellet, Santpedor, Santa Maria d'Oló, Súria agus Talamanca.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

CABERNET FRANC

CABERNET SAUVIGNON

CHARDONNAY

GARNACHA TINTA

GARRO - MANDÓN

GEWÜRZTRAMINER

MACABEO – VIURA

MALVASIA AROMÁTICA - MALVASÍA SITGES

MAZUELA – CARIÑENA

MAZUELA – SAMSÓ

MERLOT

PARELLADA

PICAPOLL BLANCO

PICAPOLL NEGRO

SAUVIGNON BLANC

SUMOLL TINTO

SYRAH

TEMPRANILLO – ULL DE LLEBRE

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *Fíon*

Maidir leis na dálaí talmhaíochta agus aeráide a shainítear le haghaidh an cheantair, is dálaí iad a bhfuil a dteochtaí agus a leibhéal báistí an-difriúil le teochtaí agus leibhéal báistí na gceantar máguaird. Buntáiste freisin is ea an mheán-airde sa cheantar le haghaidh fíonta ATFC 'Pla de Bages'. Mar gheall ar an bhfad ón bhfarraige agus an bhacainn réamhchósta, tá an aeráid inár ATFC leath bealaigh idir aeráid Mheánmhara agus aeráid intíre ilchríochach.

Mar gheall ar thionchar suntasach na bPiréiní, is iondúil go mbíonn dea-bholaithe na bhfíonta geala (go háirithe na fíonta geala sin a dhéantar as cineál Picapoll) ar thaobh níos úire na dtuairiscí le haghaidh gach cineáil. Tá an aeráid sin fabhrach freisin do tháirgeadh fíonta éadroma, a bhfuil croí aigéadach maith acu. Baintear toirt níos láidre amach sa bhéal trí chleachtais fíonóireachta amhail aosú ar an moirt nó aosú i mbairillí.

Mar thoradh ar na foraoisí flúirseacha sa cheantar, atá mórthimpeall ar fhormhór na bhfíniúnacha, agus ar an líon mór luibheanna aramatacha a fhásann ar fud cheantar Bages, tá *terroir* an-sainiúil aige, terroir a bhfuil tionchar láidir sonrach aige ar na táirgí fíona uile a bhfuil ATFC 'Pla de Bages' orthu. Tá dea-bholaithe príomha na bhfíonta lán le bolaithe na luibheanna sin. Tá marós, labhandar agus tím ar roinnt samplaí.

Tá an aeráid fhuar fabhrach d'aibiú mall san fhómhar, lena n-éascaítear dath maith i ngach cineál. Mar sin féin, ba cheart láithreacht cineálacha dúchasacha amhail Mandó, Sumoll agus Picapoll Negro a chur i dtábhacht, toisc go bhféadfar dath níos ísle a bheith acu de réir a sainmhínithe.

Tá an phróifíl aramatach sainiúil toisc go n-urramaítear saintréithe tipiciúla fhormhór na gcineálacha go mór sa limistéar. Toisc gur limistéar é ina n-éiríonn fíonchaora aibí níos déanaí ná mar is gnách sa stát, is iondúil go gcoimeádtar na dea-bholaithe príomha. Ós rud é go bhfuil go leor foraoisí mórthimpeall ar na fíonghoirt sa réigiún, bíonn blasanna balsamacha ar roinnt de na fíonta dearga, rud a chuireann leis an mothú úr.

8.2. *Fíon leathshúilíneach*

Na barúlacha a tugadh sa roinn roimhe seo maidir le fíonta, tá feidhm acu anseo freisin.

8.3. *Fíon súilíneach ar ardchaighdeán*

Tá traidisiún fada ag ceantar Bages maidir le fíonta súilíneacha a dhéanamh. Cumhdaítear bardas Artés le ATFC 'Cava' ós rud é go bhfuil fíonta den chineál sin á dtáirgeadh ann ó rinneadh na chéad turgnaimh go luath san fhichiú haois. I bhfocail eile, bhí sé ina cheannródaí i dtaca le táirgeadh fíonta súilíneacha.

8.4. *Fíon licéir*

Is rífhada fíonta licéir a bheith á dtáirgeadh i gceantar Bages. Fíon rancio, mistela agus fíon milis nádúrtha, is deochanna iad a bhí coitianta i dtithe an cheantair le blianta fada. An teaglaim de mhodh táirgthe traidisiúnta agus cineálacha fíniúna an cheantair, ar nithe iad atá faoi thionchar ag na dálaí agra-aeráide dá dtagraítear thuas, tugtar tréithe orgánaileipteacha áirithe do na fíonta sin leo.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Fíonta a bhfuil ATFC 'Pla de Bages' orthu, ní mór iad a phacáistiú sa limistéar a shonraítear sna rialacháin lena rialaítear an ATFC. Rinne an Bord Rialála an cinneadh sin toisc go measann sé, i bhfianaise an limistéir bhig a chumhdaítear le ATFC, go bhféadfaí tionchar diúltach a bheith ag aon chur isteach seachtrach ar an gcáilíocht toisc go rachadh sé thar smacht an Bhoird agus go bhféadfaí dochar a dhéanamh do na caighdeáin sheanbhunaithe leis.

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór airde 3 mm ar a laghad a bheith ag na carachtair a úsáidtear chun 'Pla de Bages' a shonrú, agus leath an airde sin a bheith ag 'Denominación de Origen'.

Fíonta oráiste, fíonta a choiptear leis an ngas agus/nó le moirtiúlacht, ní mór na focail 'Brisado', 'Fermentado con rapa', 'No filtrado', faoi seach, a bheith orthu ar mharc cáilíochta an Ainmniúcháin Tionscnaimh. Moltar é sin a lua ar an lipéad freisin. Féadfaidh na focail 'fíon oráiste' a bheith ar an lipéadú freisin ar bhuidéil 'Brisado' (fíon oráiste).

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://incavi.gencat.cat/.content/005-normativa/plecs-condicions-do-catalanes/Arxius-plecs/DO-Pla-de-Bages-proposta-canvis-2023-v6.pdf